*Uimhir* 5 *de* 2020

# An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2020

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 5 *de* 2020

# AN tACHT UM RÁTHAÍOCHT CHREIDMHEASA (LEASÚ), 2020

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Míniú
2. Leasú ar alt 1 d’Acht 2012
3. Leasú ar alt 3 d’Acht 2012
4. Leasú ar alt 4 d’Acht 2012
5. Cumhacht an Aire chun ráthaíochtaí a thabhairt de réir scéim ráthaíochta creidmheasa Covid-19
6. Leasú ar alt 12 den Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016
7. Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua

Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016 (Uimh. 1)

An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012 (Uimh. 26)

*Uimhir* 5 *de* 2020

# AN tACHT UM RÁTHAÍOCHT CHREIDMHEASA (LEASÚ), 2020

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do dhéanamh socrú i ndáil leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta do thabhairt ráthaíochtaí faoin Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012 de réir scéim ráthaíochta creidmheasa arna déanamh faoin Acht sin ag an Aire sin den Rialtas mar fhreagairt do na deacrachtaí eacnamaíocha arb é an galar ar a dtugtar Covid-19 is cúis leo; do chur teorainn airgeadaíochta le dliteanas ionchasach an Aire sin den Rialtas i leith scéim ráthaíochta creidmheasa den sórt sin; do leathnú na n-aicmí fiontar a bhféadfaidh feidhm a bheith ag scéim ráthaíochta creidmheasa den sórt sin maidir leo; agus, chun na gcríoch sin, do leasú an Achta um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012 agus an Achta um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[24 *Iúil* 2020]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo, ciallaíonn "Acht 2012" an tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012.

**Leasú ar alt 1 d'Acht 2012**

**2.** Leasaítear alt 1 d'Acht 2012 tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

> "tá le 'scéim ráthaíochta creidmheasa Covid-19' an bhrí a shanntar dó le halt 4A(1);".

**Leasú ar alt 3 d'Acht 2012**

**3.** Leasaítear alt 3 d'Acht 2012—

(a) i bhfo-alt (1), trí "Faoi réir fho-alt (1A), chun críocha" a chur in ionad "Chun críocha", agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

> "(1A) Chun críocha an Achta seo, sa mhéid go mbaineann sé le scéim ráthaíochta creidmheasa Covid-19, is fiontar cáilitheach duine más rud é—

(a) gur fiontar cáilitheach an duine de réir bhrí fho-alt (1), nó

(b) i gcás duine nach fiontar cáilitheach de réir bhrí fho-alt (1), go bhfuil an duine bunaithe sa Stát agus go bhfostaíonn sé nó sí líon nach mó ná 499 nduine (arna ríomh de réir an Mholta ón gCoimisiún) cibé acu sa Stát nó nach ea.”.

**Leasú ar alt 4 d’Acht 2012**

**4.** Leasaítear alt 4 d’Acht 2012—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir an ailt seo, alt 4A” a chur in ionad “Faoi réir an ailt seo”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (3), alt 4A” a chur in ionad “Faoi réir fho-alt (3)”,

(c) i bhfo-alt (3), trí “Faoi réir fho-alt (4A), ní dhéanfaidh an tAire” a chur in ionad “Ní dhéanfaidh an tAire”,

(d) i bhfo-alt (4), trí “Faoi réir fho-alt (4A), ní dhéanfaidh an tAire” a chur in ionad “Ní dhéanfaidh an tAire”, agus

(e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (3) agus (4) maidir leo seo a leanas—

(a) ráthaíochtaí arna dtabhairt faoin alt seo de réir scéim ráthaíochta creidmheasa Covid-19, ná

(b) comhaontuithe airgeadais cáilitheacha lena mbaineann na ráthaíochtaí sin.”.

**Cumhacht an Aire chun ráthaíochtaí a thabhairt de réir scéim ráthaíochta creidmheasa Covid-19**

**5.** Leasaítear Acht 2012 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4:

**“4A.** (1) I gcás scéim ráthaíochta creidmheasa arna déanamh chun soláthar táirgí airgeadais d’fhiontair rannpháirteacha a éascú mar fhreagairt do na deacrachtaí eacnamaíocha arb é Covid-19 is cúis leo (dá ngairtear ‘scéim ráthaíochta creidmheasa Covid-19’ san Acht seo)—

(a) déanfar aon chomhaontú arna dhéanamh ag an Aire faoi alt 4 de réir na scéime sin—

(i) faoi réir fhomhír (ii), an 31ú lá de Nollaig 2020 nó roimhe, nó

(ii) faoi réir fho-alt (2), ar cibé dáta is déanaí ná sin, nó roimh cibé dáta is déanaí ná sin, a cheapfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le hordú, más deimhin leis nó léi go bhfuil cúis mhaith leordhóthanach ann chun déanamh amhlaidh de dheasca deacrachtaí eacnamaíocha leanúnacha arb é Covid-19 is cúis leo,

agus

(b) ní rachaidh aon ráthaíocht arna tabhairt de bhun an chomhaontaithe sin thar thréimhse uasta 6 bliana ó dháta an chomhaontaithe.

(2) Is é an dáta a cheapfar le hordú faoi fho-alt (1)(a)(ii) dáta nach déanaí ná an 31ú lá de Nollaig 2021.

(3) Ní fheidhmeoidh an tAire na cumhachtaí a thugtar dó nó di le halt 4 de réir scéim ráthaíochta creidmheasa Covid-19 ar mhodh a mbeadh de thoradh air gur mhó ná €2 bhilliún comhiomlán na méideanna creidmheasa go léir i leith na gcomhaontuithe airgeadais cáilitheacha Covid-19 go léir.

(4) Ní fheidhmeoidh an tAire na cumhachtaí a thugtar dó nó di le halt 4 de réir scéim ráthaíochta creidmheasa Covid-19 ar mhodh a mbeadh de thoradh air gur mhó ná €1.6 bhilliún comhiomlán dhliteanas an Aire i leith na gcomhaontuithe airgeadais cáilitheacha Covid-19 go léir.

(5) San alt seo—

ciallaíonn "Covid-19" galar arb é is cúis leis ionfhabhtú leis an víreas SARS-CoV-2 agus a shonraítear mar ghalar aicídeach de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981 (I.R. Uimh. 390 de 1981), agus an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, nó aon athraitheach ar an ngalar a shonraítear amhlaidh mar ghalar aicídeach sna Rialacháin sin;

ciallaíonn 'comhaontú airgeadais cáilitheach Covid-19', i ndáil le scéim ráthaíochta creidmheasa Covid-19 comhaontú airgeadais cáilitheach lena mbaineann ráthaíocht arna tabhairt faoi alt 4 de réir na scéime sin.".

**Leasú ar alt 12 den Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016**

**6.** Leasaítear alt 12 den Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016—

(a) tríd an alt sin a shainainmniú mar fho-alt (1),

(b) i bhfo-alt (1), trí "Faoi réir fho-alt (2), ní fheidhmeoidh an tAire" a chur in ionad "Ní fheidhmeoidh an tAire", agus

(c) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir leo seo a leanas—

(a) ráthaíochtaí arna dtabhairt faoi alt 4 den Phríomh-Acht de réir scéim ráthaíochta creidmheasa Covid-19, ná

(b) comhaontuithe airgeadais cáilitheacha lena mbaineann na ráthaíochtaí sin.

(3) San alt seo, tá le "scéim ráthaíochta creidmheasa Covid-19" an bhrí chéanna atá leis sa Phríomh-Acht.".

**Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua**

**7.** (1) Féadfar an tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2020 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012 go 2020 a ghairm den Acht seo agus de na hAchtanna um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012 agus 2016 le chéile.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. —. 42. 4/23. MM Packaging. (96398). Gr.30-15.

9 781399 306089